*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: T. Materne agus P. Němečková, i gcáil Gníomhairí)

*Idirghabhálaithe, i dtacaíocht leis an Iarratasóir:* Ríocht na Beilge (ionadaithe: S. Baeyens agus J.-C. Halleux, i gcáil Gníomhairí), Poblacht na Polainne (ionadaí: B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire)

**Maidir le**

Iarraidh bunaithe ar Airteagal 268 CFAE lena n-iarrtar aisíoc ar an suim de 40 482 255 koruna Phoblacht na Seice (CZK) a íocadh le hacmhainní dílse an Aontais Eorpaigh.

**An chuid oibríochtúil**

1. Glactar le caingean Phoblacht na Seice a mhéid a lorgaítear aisíoc ón gCoimisiún Eorpach ar an suim de 17 828 399,66 koruna Phoblacht na Seice (CZK) a íocadh le hacmhainní dílse an Aontais Eorpaigh.

2. Diúltaítear don chaingean i ndáil leis an gcuid eile.

3. Íocfaidh gach páirtí as a costais féin.

(1) IO C 175, 25.5.2020.

**Ordú d'Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 25 Aibreán 2022 – HB v an Coimisiún**

**(Cás T-408/21 R)**

***(Imeachtaí eatramhacha – Conarthaí seirbhíse poiblí – Neamhrialtachtaí maidir leis an nós imeachta um dhámhachtain – Méideanna a íocadh go míchuí a aisghabháil – Cinneadh maidir le forfheidhmiú – Iarratas le haghaidh bearta eatramhacha – Éigeandáil – Fumus boni juris – Leasanna a chothromú)***

(2022/C 276/15)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* HB (ionadaí: L. Levi, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaí: B. Araujo Arce, J. Estrada de Solà agus J. Baquero Cruz, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le**

Trína iarraidh bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, bac a chur ar fhorghníomhú Chinneadh C(2021) 3339 final ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 maidir le haisghabháil d'éileamh de shuim de EUR 4 241 507,00 is iníoctha ag an iarratasóir faoin gconradh leis an tagairt TACIS/2006/101-510 agus Chinneadh C(2021) 3340 final ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 maidir le haisghabháil d'éileamh de shuim EUR 1 197 055,86 is iníoctha ag an iarratasóir faoin gconradh leis an tagairt CARDS/2008/166-429; ar an dara dul síos, ordú don Choimisiún Eorpach gan leanúint le haisghabháil na méideanna sna cinntí sin; agus, ar an tríú dul síos, ordú don Choimisiún euro siombalach a íoc as an damáiste.

**An chuid oibríochtúil**

1. Cuirtear bac ar fhorghníomhú Chinneadh C(2021) 3339 final maidir le haisghabháil d'éileamh de shuim de EUR 4 241 507,00 is iníoctha ag HB faoin gconradh leis an tagairt TACIS/2006/101-510 agus Chinneadh C(2021) 3340 final maidir le haisghabháil d'éileamh de shuim de EUR 1 197 055,86 faoin gconradh leis an tagairt CARDS/2008/166-429.

2. Forchoimeádtar na costais.